19

Focail Dheacra

	Lch
crónán	197
ciolar chiot	198
Poncánaigh	198
sollúnta	203
déistin	206
anóirthear	207

Frásaí

	Lch
i ndeireadh na péice	198

Ceisteanna Bunaithe ar Fhianaise

1. Cén fáth a mbíodh Joey á chrá féin le buairt?
2. Cén t-ainm a bhí ar chailín Albert sa bhaile?
3. Cad é an t-aon locht atá ag Albert ar Joey?
4. Cad é mar a maraíodh David?
5. Cén aois a bhí ag David nuair a fuair sé bás?
6. Cén t-am ar tháinig deireadh leis an chogadh?
7. Cad é an plean a bhí ag an Mhaorsháirsint do na capaill?

Ceisteanna Tátalacha

1. Cén fáth ar chreid Albert go raibh deireadh ag teacht leis an chogadh?
2. Cad é a dúirt Albert faoina chailín a léiríonn an grá a bhí aige di?
3. Cad é mar atá a fhios againn gur ghlac Albert go holc le bás David?
4. Cad iad na hathruithe a tháinig ar chúrsaí le deireadh an chogaidh?

Ceisteanna Smaointeoireachta



1. Ní raibh ach fiche bliain d'aois slánaithe ag David nuair a fuair sé bás. Faigheann cuid mhór daoine bás i rith cogaidh. An dóigh leat gurbh fhiú sin in am ar bith? Pléigí i ngrúpaí an cheist sin.

Gníomhaíocht

Gníomhaíocht 1: Óráid

Is captaen thú san arm agus tá tú díreach i ndiaidh a fháil amach go mbeidh deireadh leis an chogadh ar 11.00 am ar an 11ú Samhain 1918. Scríobh an óráid a thabharfá do na saighdiúirí ag fógairt go mbeidh deireadh leis an chogadh. Déan cinnte go léiríonn an óráid an rud a dúirt Albert faoin dóigh nach ndearnadh mórán ceiliúrtha ach gur faoiseamh mór a bhí ann.

Gníomhaíocht 2: Úsáid na Matamaitice / Úsáid TFC

Déan taighde ar an dóigh ar tháinig deireadh leis an chogadh le fírinne. Déan cuardach ar an idirlíon nó i do leabhair staire le fíricí agus staitisticí a bhailiú faoin Chéad Chogadh Domhanda.

Faigh na staitisticí seo a leanas:

- Fad an chogaidh
- Líon na ndaoine a maraíodh
- Líon na dtíortha a bhí páirteach
- Líon na nÉireannach a throid sa chogadh
- Aois an tsaighdiúra ab óige.

Roghnaigh na staitisticí is mó a chuir iontas ort féin agus taispeáin na torthaí i bhfoirm barrachairte, píchairte nó líneghraif. Déan cinnte go n-úsáideann tú an graf is fóirsteanaí i ngach cás, mar shampla ní úsáidtear líneghraf ach le staitisticí a athraíonn de réir ama a léiriú.

Scríobh síos 3 fhíric shuimiúla faoin Chéad Chogadh Domhanda. Pléigí i mbeirteanna na staitisticí agus na fíricí a d'aimsigh tú. Cuir le chéile taispeántas Powerpoint, Prezi nó léiriú ilmheán eile leis na sonraí seo a chur i láthair don rang.